



TREOIRLEABHAR

scileanna staidéir don duine fásta

ÁBHAR

1 AG FOGHLAIM CONAS FOGHLAIM

- Ag foghlaim ar feadh do shaoil
- Tusa - An Foghlaimeoir
- Conas do chuid staidéir a eagrú
- Conas amchlár seachtainiúil a dhéanamh
- Do stíl foghlama
- Tuiscint Ildánach

2 TEICNÍOCHTAÍ FOGHLAMA

- Léitheoireacht
- Ag Déanamh Nótaí
- Ag Scríobh Aistí
- Athbhreithniú
- Ag déanamh scrúduithe




Acmhainn
Aosoideachais
tri Ghaeilge
sa Ghaeltacht



KERRY
EDUCATION
SERVICE
*Seirbhís
Oideachais
Chiarraí*



INSTITUTE OF
TECHNOLOGY
TRALEE
INSTITIUID
TEICNEOLAÍOCHTA
TRÁ LÍ



Ag foghlaim ar feadh do shaoil

Nuair a shocraíonn tú clárú le cúrsa oideachais don duine fásta, tá sé tábhachtach scrúdú a dhéanamh ar roinnt pointí a mbeidh tionchar acu ar an sult a bhaineann tú as foghlaim agus a chinnteoidh go n-éireoidh le do chuid staidéir. Is é an rud is tábhachtaí ná go bhfuil sé ar do chumas tú féin a spreagadh le staidéar a dhéanamh agus go bhfuil dearcadh dearfach agat i leith na dtascanna éagsúla a mbeidh ort d'aghaidh a thabhairt orthu. Chomh maith leis an gcur chuige seo teastóidh scileanna praiticiúla maidir le tú féin a eagrú leis an leas is fearr is féidir a bhaint as do chuid ama agus as na hacmhainní atá ar fáil duit. Ar ndóigh, beidh tionchar ag do stíl foghlama agus ag do bhuanna áirithe féin ar an tslí ina dtéann tú i mbun do chuid oibre, sa tslí gur féidir leat saothar amú a sheachaint trí roinnt teicníochtaí simplí a fhoghlaim chun gur féidir leat an t-eolas uile a thabharfar duit a láimhseáil.

Tugann an treoirleabhar seo roinnte smaointe agus comhairle duit faoin tslí leis an leas is mó a bhaint as do chúrsa oideachais, agus chun go mbeadh meon ceart agat don fhoghlaim ar feadh do shaoil.

Tusa - An Foghlaimeoir

Mar dhuine fásta bíonn ort a lán ról éagsúil a chomhlíonadh gach lá. D'fhéadfá a bheith i do chara, i do thuismitheoir, i d'oibrí nó i do chomharsa. Braitheann sé sin ar cén áit a bhfuil tú, agus cé leis a bhfuil tú. An tslí a ghníomhaíonn tú i ról ar bith, cuireann sé sin do chuid luachanna in iúl agus cad atá tábhachtach duit sa saol.

Agus tú le bheith i do mhac léinn, caithfidh tú na luachanna a cheapann tú a bheith le do ról nua a mheas, chomh maith leis na tréithe a mbainfidh tú úsáid astu le linn do chuid ama sa seomra ranga agus le linn staidéir phríobháidigh. Tá tábhacht ag baint le tú féin a thuiscint agus le tuiscint cén fáth a bhfuil tú ag iarraidh staidéar a dhéanamh. Bíonn cúiseanna éagsúla ag daoine éagsúla le fillleadh ar an staidéar agus b'fhéidir go gcabhródh sé leat diriú isteach ar na rudai sin atá do do spreagadh tríd an liosta fáthanna seo a chur in ord a dtábhachta duitse.

Na rudai a spreagann mé le staidéar a dhéanamh...

- Chun go mbeadh oideachas níos fearr agam
- Chun go mbeadh féidearthachtaí breise agam agus mé ar lorg poist
- Chun scil nua a fhoghlaim agus a fhorbairt
- Ar mhaithe liom féin
- Chun caitheamh aimsire nua a fhoghlaim
- Chun cairde nua a dhéanamh
- Chun an t-am a chur thart
- Chun cáilíocht a fháil

Cá mhéad measa atá agat ort féin?

Anois ba chóir duit fáil amach cá mhéad measa atá agat ort féin, ag baint úsáide as na catagóirí thíos.

	I gcónaí	Uaireanta	Go hannamh	Riamh
Tá a fhios agam cad iad na buanna agus na laigí atá agam				
Tá mé bródúil asam féin				
Tá sé de bhua agam bheith ábalta éisteacht le daoine				
Bím freagrach as mo chuid gníomhartha féin				
Tuigim nach bhfuil mé foirfe				
Is féidir liom botúin a dhéanamh				
Iarraim cabhair nuair a theastaíonn cabhair uaim				
Tá meas agam ar na tréithe éagsúla a bhíonn ag daoine				
Tá mé dóchasach agus glacaim leis an saol mar dhúshlán				
Tá mé oscailte				
Tá mé neamhspleách				
Ní miste liom nuair a bhíonn daoine eile criticiúil fúm				
Spreagaim daoine eile				
Is féidir liom fadhbanna a réiteach				

Tabhair aird faoi leith ar na gnéithe a mharcáil tú sna catagóirí - Go hannamh agus Riamh

Smaoinigh faoi na difríochtaí idir an dá shraith seo de ráitis agus ar an tslí a rachadh siad i bhfeidhm ar do chuid foghlama

Dearfach	Diúltach
Is féidir liom é a dhéanamh	Ní dhéanaim rudaí mar ba chóir in am ar bith
Bain triail as	Beidh cuma amaideach orm
Leanfaidh mé orm go dtí go mbeidh an freagra agam	Ní fhéadfaidh mé é a dhéanamh go deo
Tá mé muiníneach gur féidir liom é a dhéanamh	Tá mé dúr agus gan mhaith

Cad iad na cuspóirí atá agam?

Is iad na cuspóirí atá agat ná na rudaí atá tú ag iarraidh a bhaint amach, agus a bhfuil sé ar do chumas iad a bhaint amach, nuair a chuireann tú san áireamh do chuid tosa faoi láthair agus a bhfuil curtha i gcrích agat san am a chuaigh thart. Agus tú ag iarraidh socrú cad iad na cuspóirí atá agat tá sé tábhachtach bheith dearfach agus cinntitheach nuair a bheas an cuspóir roghnaithe agat - sin an chéad chéim i dtreo staidéir rathúil. Tá sé úsáideach an cheist seo a leanas a chur ort féin agus tú ag socrú cad iad na cuspóirí atá agat, .i.

An cuspóirí ciallmhara iad na cinn atá roghnaithe agam?

Sainiúil: an bhfuil an fáth atá agam leis an gcúrsa a dhéanamh soiléir agus beacht?


Soláimhsithe: an bhfuil na hacmhainní agus na deiseanna ar fáil?

Insroichte: an bhfuil sé ar mo chumas é a dhéanamh?

Réadúil: an mbeidh mé ábalta é a dhéanamh, ag cur san áireamh an suíomh ina bhfuil mé.

Am: cá mhéad ama a bheas i gceist?

Mar fhocail scoir sa roinn seo, tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh *gur i ndiaidh a chéile a thógtar na caisleáin.*



Is de réir a chéile a bhaintear ar gcuid
cuspóirí amach

Conas tú féin agus do chuid ama a eagrú

Maidir le tú féin a eagrú chun an leas is fearr a bhaint as do chúrsa, is iad na rudaí is praiticiúla ná do chuid ama a bhainistiú agus do chuid tosaíochtaí a shocrú ar shlí a oireann do do stíl bheatha agus do do chuid gealltanais. Nuair a bhíonn tú ag déanamh staidéir ní mór duit cuid de do chuid ama a chaitheamh ag obair, agus sin go rialta, agus slí amháin is féidir sin a dhéanamh ná amchlár de do ghnáthsheachtain a dhéanamh.

N.B. Bí cinnte go bhfágann tú go leor ama do do chuid gealltanais rialta: obair, teaghlach, gníomhaíochtaí só agus sóisialta. Is féidir leat a fheiceáil anois cén áit arbh fhéidir leat am a fháil le bheith ag staidéar agus is féidir leat an leas is fearr is féidir a bhaint as an am sin.



Conas Amchlár Seachtainiúil a Dhéanamh

Líon isteach do chuid gealltanais agus do chuid gníomhaíochtaí do gach lá sa tsli gur féidir leat na hamanna atá ar fáil do staidéar a aimsiú.

	Ar maidin	Tráthnóna	San oíche
DÉ DOMHNAIGH			
DÉ LUAIN			
DÉ MÁIRT			
DÉ CÉADAOIN			
DÉ ARDAOIN			
DÉ HAOINE			
DÉ SATHAIRN			

Le bheith éifeachtach sa tsli ina mbaineann tú úsáid as an am seo, ba chóir duit na tascanna a liostáil ar ghreille a léiríonn cé acu atá tábhachtach agus cé acu atá práinneach, sa tsli gur féidir leat iad sin a bhfuil an-tábhacht ag baint leo a roghnú, agus is féidir leat na cinn is tábhachtaí a dhéanamh ar dtús. Ní i gcónaí a bhíonn an saol dea-riartha, agus ní mór duit bheith solúbtha maidir leis an amchlár seo, sa tsli gur féidir leat déileáil le rudaí neamhghnácha nó le rudaí atá níos deacra ná mar a bhí tú ag súil leis. Déan iarracht na tascanna atá le comhlíonadh agat a chur isteach sa ghreille seo ag baint úsáide as an gcritéir 'práinneach' agus 'tábhachtach', chun socrú cén bosca ar chóir gach tasc a chur isteach ann.

Treoiríníte chun do chuid ama foghlama a eagrú

- Déan amchlár don tseachtain.
- Déan iarracht oibriú amach cé chomh fada is a thógfaidh sé ort na tascanna éagsúla a dhéanamh agus caith tréimhsí ama oiriúnacha orthu.
- Pleanáil na gníomhaíochtaí is éilithí do na huaireanta sin nuair is éasca duit bheith ag obair.
- Déan na tascanna gearra sna nóiméid bhreise sin a bhíonn agat i rith an lae.
- Bí réadúil. Ná déan iarracht rudaí dodhéanta a bhaint amach.
- Cinntigh gurb iad na tosaíochtaí atá agat ná na tascanna is tábhachtaí agus is práinní.
- Bí solúbtha. Cuir san áireamh go mbeidh am breise ag teastáil d'éigeandálaí. Ná fág tascanna tábhachtacha go dtí an nóiméad deireanach.
- Socraigh cén áit a ndéanfaidh tú staidéar. Má bhíonn daoine eile san áit a mbíonn tú ag obair, cinntigh go mbíonn siad sásta comhoibriú a dhéanamh leat.
- Eagraigh do chuid comhad agus do chuid nótaí sa tslí gur féidir leat breathnú siar go héasca ar obair atá críochnaithe agat.
- Faigh áit shábháilte ar féidir leat do chuid leabhar, do chuid comhad agus do chuid trealamh a choimeád ann.

Quiz faoin Obair Bhaile

Freagair na ceisteanna seo chun fáil amach má bhíonn tú ag eagrú do chuid ama don obair bhaile agus don staidéar go héifeachtach. B'fhéidir go gcabhródh sé leat chun bheith ag obair níos fearr dá bpléifeá do chuid freagraí le cairde nó le do mhúinteoir.

CRUINNEAS

- 1 Scríobhaim síos na tascanna go léir atá le déanamh agam...
 - a i gcónaí
 - b de ghnách
 - c go hannamh
- 2 Déanaim botúin uaireanta mar ní éiríonn liom na ceisteanna a léamh mar is ceart...
 - a riamh
 - b uaireanta
 - c go rialta
- 4 Cuirim scrúdú orm féin, nó iarraim ar dhuine éigin eile scrúdú a chur orm...
 - a go minic
 - b uaireanta
 - c riamh
- 5 Nuair a thugtar tionscadal ar ais dom...
 - a Scrúdaím na botúin go léir go cúramach
 - b Léim na ceartúcháin go tapa
 - c Ní dhéanaim ach breathnú ar an marc atá faighte agam

AG SEICEÁIL MO CHUID OIBRE

- 3 Nuair a chríochnaím obair scríofa...
 - a is gnách go ndéanaim é a sheiceáil go cúramach
 - b uaireanta léim arís é
 - c is go hannamh a dhéanaim é a sheiceáil
- 6 Déanaim athbhreithniú ar an méid atá foghlamtha agam...
 - a riamh
 - b uaireanta
 - c go rialta

AG EAGRÚ SPÁIS OIBRE

- 7 Breathnaím ar an teilifís agus mé ag déanamh staidéir...
- a riamh
 - b uaireanta
 - c go minic
- 8 Bíonn áit chiúin agam dom féin chun bheith ag obair sa bhaile...
- a i gcónaí
 - b uaireanta
 - c riamh
- 9 Bíonn rudaí eile ag cur isteach orm nuair a bhím ag obair sa bhaile...
- a go hannamh
 - b uaireanta
 - c beagnach i gcónaí


AG EAGRÚ OIBRE AGUS AMA

- 10 Déanaim amchlár agus cloím leis...
- a Tá sin fíor
 - b Déanaim iarracht ach ní bhím in ann cloí leis
 - c Ní cheapaim go bhfuil sin riachtanach
- 11 Tá socrú déanta agam le mo theaghlach agus le mo chuid cairde faoi cén uair is féidir liom bheith ag obair...
- a Tá
 - b Níl
- 12 Nuair a bhím ag obair sa bhaile, ligim mo scíth ar feadh tamaillín chun fanacht lánmhúscailte
- a de ghnách
 - b ó am go chéile
 - c is ar éigean go ndéanaim sin
- 13 Is gnách go ndéanaim tionscadal mór thar thréimhse dhá nó trí lá...
- a i gcónaí
 - b uaireanta
 - c riamh
- 14 Sula dtosaím ar an obair bhaile, socraím cé chomh fada is a mhairfidh an seisiún...
- a beagnach i gcónaí
 - b uaireanta
 - c is ar éigean go ndéanaim sin

- 15 Déanaim iarracht leas a bhaint as mo shaothar i réimsí eile de mo shaol...
- a i gcónaí
 - b uaireanta
 - c riamh
- 16 Nuair a bhím ag déanamh obair bhaile...
- a déanaim an chuid is deacra ag an deireadh
 - b déanaim an chuid is deacra ar dtús
 - c ní dhéanaim idirdhealú den chineál sin
- 17 Ceadaím duais nó rud éigin deas dom féin nuair a bhíonn an obair bhaile déanta agam.
- a go minic
 - b uaireanta
 - c riamh

Déan comhaireamh ar líon na 'a', 'b' agus 'c' atá agat.

- Más 'a' is mó a thug tú mar fhreagra:
Tá dearcadh dearfach agat i leith do chuid oibre, agus déanann tú iarracht a bheith cinnte go mbaineann tú an leas is fearr is féidir as do chuid ama agus as do chuid acmhainní.
- Más 'b' is mó a thug tú mar fhreagra:
Tugann do scór le fios go bhfuil tú ag déanamh iarrachta bheith ag obair ach gur féidir nach mbaineann tú an leas is fearr is féidir a bhaint as do chuid ama agus as do chuid acmhainní i gcónaí.
- Más 'c' is mó a thug tú mar fhreagra:
Chun bheith ag staidéar i gceart, ní mór duit smaoineamh faoi do chuid tréimhsí staidéir níos mó agus ba cheart iad a phleanáil níos fearr. Is féidir go bhfuil rudaí áirithe ag cur isteach ar do shaol ar shlí nach n-éascaíonn do chuid staidéir.



Do stíl foghlama

Má bhreathnaímid ar na daoine atá thart orainn, tuigimid go bhfuil difríochtaí ann sa tslí ina mbíonn daoine ag foghlaim agus ag obair. Is maith le daoine áirithe a gcuid oibre a phleanáil i bhfad chun tosaigh, ach tá daoine eile ann ar fearr leo bheith ag obair agus spriocla acu. Chomh maith leis sin, tá daoine ann ar fearr leo bheith ag foghlaim ó leabhair agus tá daoine eile ann ar mó an leas a bhaineann siad as bheith ag plé rudaí le daoine eile. Is éard atá i gceist leis an gceithre cheistiúchán seo a leanas ná cabhair a thabhairt duit do stíl foghlama féin a aimsiú.

Baineann an ceithre cheistiúchán le stíleanna éagsúla foghlama:

D = Diograiseach **S** = Samhlaíoch
L = Loighiciúil **P** = Praiticiúil

Chun do scór a fháil do gach stíl foghlama bain úsáid as na luachanna seo a leanas:

De ghnách = 2 points
Uaireanta = 1 point
Riamh = 0 points

Oibrigh amach do scór agus seiceáil do phríomhstíl foghlama. Ní féidir a mhaíomh go bhfuil aon stíl foghlama ann atá níos fearr ná na cinn eile, ach gheobhaidh tú amach cad iad na buanna atá agat mar fhoghlaiméoir agus cad iad na rudaí a éascaíonn an fhoghlaim duit. Ba chóir duit na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach stíl foghlama a léamh sa tslí gur féidir leat an cur chuige don staidéar a aimsiú is fearr a oireann duit. Ba chóir go mbeadh sé d'aidhm agat do scór a ardú oiread agus is féidir sa tslí go mbeidh buntáistí gach stíle agat.

Léigh gach ceist agus cuir tic leis an mbosca cuí. *G*= de ghnách *U*=uaireanta *R*=riamh

D Ceistiúchán

Éirím tuirseach dá bhfuil ar siúl agam go héasca agus is maith liom athrú go rudaí nua.
Is breá liom an éagsúlacht.

G	U	R
☐	☐	☐

Bím ag foghlaim trí rudaí a phlé le daoine eile.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Bím ag obair go tapa agus is maith liom bogadh ó rud amháin go rud eile

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Is maith liom leabhair a scimeáil go tapa.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Is maith liom bheith ag plé rudaí i ngrúpaí, agus cuirim a lán ceisteanna.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Breathnaím go tapa ar threoracha agus ansin tosaím ag obair beagnach láithreach.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Nuair a bhainim sult as mo chuid oibre bím gafa leis go hiomlán.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Nuair nach maith liom rud éigin, bíonn sé de nós agam neamart a chur ann.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Ní maith liom rudaí a phleanáil. Bím ag iarraidh tosú ar an obair.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Níl aon spéis agam sna sonraí. Ní léim agus ní sheiceálaim mo chuid oibre nuair a bhíonn sé críochnaithe.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Is maith liom triail a bhaint as rudaí nua.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Má bhíonn rud éigin ag cur isteach orm, is maith liom an fhadhb a phlé le duine éigin.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

Is maith liom glacadh leis an saol mar atá sé, agus is maith liom rudaí a dhéanamh de mo dheoin féin.

☐	☐	☐
-----------------------	-----------------------	-----------------------

SUIM IOMLÁN DO GACH COLÚN

—	—	—
---	---	---

SUIM IOMLÁN DON CHEISTIÚCHÁN

—	—	—
---	---	---

S Ceistiúchán

	G	U	R
Déanaim dearmad rudaí a thabhairt abhaile liom a theastaíonn uaim le bheith ag obair orthu sa bhaile.	☐	☐	☐
Caithim i bhfad an iomarca ama ag smaoineamh faoi mo chuid oibre sula dtosaím uirthi.	☐	☐	☐
Is maith liom bealaí nua agus úrnua a aimsiú chun mo chuid oibre a chur i láthair.	☐	☐	☐
Is féidir liom na ceangail idir réimsí éagsúla de mo chuid oibre a fheiceáil.	☐	☐	☐
Is fearr liom bheith ag smaoineamh agus ag caint faoi mo chuid oibre ná é a dhéanamh.	☐	☐	☐
Is maith liom bheith ag brionglóideach agus bheith ag smaoineamh faoi na gnéithe éagsúla a bhaineann leis na hábhair.	☐	☐	☐
Is maith liom bheith ag smaoineamh faoi agus ag plé smaointe le daoine eile.	☐	☐	☐
Níl spéis agam sna sonraí, ach tá sé ar mo chumas an cheist a thuiscint i dtéarmaí ginearálta.	☐	☐	☐
Bíonn sé de nós agam bheith ag obair de ráigeanna fuinnimh.	☐	☐	☐
Is fearr liom bheith ag obair gan amhláir ná pleananna.	☐	☐	☐
Is maith liom léaráidí, graif nó léarscáileanna cruthaitheacha tarraingteacha a dhéanamh.	☐	☐	☐
Téim i mbun oibre agus ansin tugaim faoi deara nach bhfuil rudaí tábhachtacha agam a theastaíonn uaim chun an obair a dhéanamh.	☐	☐	☐
Is breá liom bheith ag smaoineamh faoi nó ag ceistiú smaointe.	☐	☐	☐
SUIM IOMLÁN DO GACH COLÚN	—	—	—
SUIM IOMLÁN DON CHEISTIÚCHÁN	—	—	—

P Ceistiúchán

	G	U	R
Is maith liom dul i mbun oibre agus gan lígean d'aon rud m'aird a bhaint den obair atá idir lámha agam	☐	☐	☐
Cinntim go bhfuil a fhios agam go díreach cad atá le déanamh agam sula dtosaím tionscadal, m.sh. ca mhéad marcanna atá ag gabháil do gach cuid.	☐	☐	☐
Tá sé éasca dom tosú ag obair.	☐	☐	☐
Is maith liom pleanáil a dhéanamh roimh ré, agus amhlár soiléir a bheith agam do mo chuid oibre.	☐	☐	☐
Cuireann daoine isteach orm mura gcloíonn siad le sprioclá.	☐	☐	☐
Tá mo chuid oibre eagraithe go maith. Smaoiním roimh ré faoi na rudaí a theastóidh uaim do mo chuid oibre.	☐	☐	☐
Bainim sult as nuair a chríochnaím píosa oibre níos mó ná mar a bhainim sult as an rud a dhéanamh.	☐	☐	☐
Measaím gur cur amú ama é bheith ag brionglóideach.	☐	☐	☐
Is maith liom bheith ag obair ar mo chonlán féin.	☐	☐	☐
Déanaim léaráidí, graif nó léarscáileanna chun eolas a thabhairt. Níl siad in ainm is a bheith ina saothair ealaíne.	☐	☐	☐
Léim treoracha go cúramach sula dtosaím aon phíosa oibre.	☐	☐	☐
Bím ag obair go rialta, rud a fhágann go mbíonn an t-am agam chun rudaí eile a dhéanamh agus chun mo chuid oibre a dhéanamh chomh maith.	☐	☐	☐
SUIM IOMLÁN DO GACH COLÚN	—	—	—
SUIM IOMLÁN DON CHEISTIÚCHÁN	—	—	—

L Ceistiúchán

Bím ag obair go crua ar na rudaí a chaithfidh mé a dhéanamh nach mbainim sult astu oiread is a bhím ag obair ar na rudaí sin a mbainim sult astu.

G U R

☐ ☐ ☐

Is maith liom tuiscint conas a oibríonn rudaí, nó conas a forbraíodh smaoineamh.

☐ ☐ ☐

Is maith liom liostaí a dhéanamh, agus amchláir agus pleananna a oibriú amach.

☐ ☐ ☐

Déanaim mo chuid oibre a sheiceáil i gcónaí, agus leanfaidh mé orm go dtí go bhfuil sé déanta i gceart agam.

☐ ☐ ☐

Bainim sult as fadhbanna a réiteach agus is maith liom ceisteanna nua a chur.

☐ ☐ ☐

Is fearr liom éisteacht le daoine eile ná bheith ag caint.

☐ ☐ ☐

Foghlaimim níos fearr má bhím ag obair ar ábhair ar mo chonlán féin.

☐ ☐ ☐

Tugaim an-aird ar na sonraí

☐ ☐ ☐

Is maith liom bheith ag obair ar rud amháin in am amháin.

☐ ☐ ☐

Foghlaimim níos fearr nuair a bhím ag léamh faoin ábhar nó ag fáil amach faoi, agus trí m'intinn féin a dhéanamh suas faoi ansin.

☐ ☐ ☐

Is fearr liom fadhbanna pearsanta a réiteach liom féin.

☐ ☐ ☐

Déanaim staidéar cúramach ar gach féidearthacht sula ndéanaim socrú.


☐ ☐ ☐

SUIM IOMLÁN DO GACH COLÚN

- - -

SUIM IOMLÁN DON CHEISTIÚCHÁN

- - -



DÍOGRAISEACH

Bíonn tú gafa go hiomlán le rud a bhfuil suim agat ann.
Bíonn tú ábalta bheith ag comhoibriú go maith le daoine eile.
Bainfidh tú triail as aon smaoineamh nua nó as aon bhealach oibre nua.
Baineann tú sult as bheith ag scríobh leat - de réir mar a ritheann smaointe leat.
Ní miste leat amadán a dhéanamh díot féin trí cheisteanna a chur nó trí bheith sásta rud nua a dhéanamh.
Is maith leat éagsúlacht agus spreagadh.
Bíonn tú ag foghlaim trí bheith ag caint le daoine eile.
Is féidir leat scimeáil agus scannáil a dhéanamh ar leabhair nua.

SAMHLAÍOCH

Is féidir leat bealaí nua a fheiceáil chun rudaí a dhéanamh.
Tagann tú ar réitigh chruthaitheacha.
Feiceann tú na himpleachtaí fadtéarmacha.
Is féidir leat an cheist a thuiscint i dtéarmaí ginearálta.
Feiceann tú na ceangail idir na hábhair éagsúla a bhfuil tú ag déanamh staidéir orthu.
Ní dhéanann tú deifir, nó ní ligeann tú do rudaí cur isteach.
Bíonn cuma dhifriúil agus tharraingteach ar an saothar a thugann tú isteach.
Éiríonn go maith leat teacht ar roghanna nua.

LOIGHICIÚIL

Eagraíonn tú firicí agus ábhar go maith.
Is maith leat gach rud a bhfuil tú ag obair air a thuiscint.
Bíonn tú ag obair ar rudaí go dtí go mbíonn siad déanta i gceart agat.
Tá tú fiosrach agus baineann tú sult as fadhbanna.
Is criticeoir maith tú.
Éiríonn go maith leat bheith ag obair ar do chonlán féin. Ní theastaíonn ach an méid is lú cabhrach uait.
Bíonn tú cruinn agus críochnúil.
Feiceann tú an ceangal idir smaointe.
Bíonn tú ag pleanáil i bhfad chun tosaigh d'aon phíosa oibre atá le déanamh agat, agus tá a fhios agat cad iad na tosaíochtaí atá agat i measc do chuid tascanna.

PRAITICIÚIL

Bíonn tú ag obair ar do chonlán féin.
Éiríonn go maith leat spriocanna a shocrú agus is maith leat amchláir agus pleananna oibre a úsáid.
Tá a fhios agat conas an t-eolas a theastaíonn uait a fháil.
Déanann tú rudaí in am.
Ní bhaintear d'aird den rud atá le déanamh.
Eagraíonn tú do chuid ama go maith sa tslí go mbíonn am agat chun rudaí eile a dhéanamh.
Léann tú treoracha go cúramach sula dtosaíonn tú ag obair ar rud.
Aon trealamh agus/nó ábhar scríofa a theastaíonn uait, bíonn sé eagraithe agus/nó curtha i gcomhad agat.

DÍOGRAISEACH

Déanann tú rudaí faoi dheifir gan smaoineamh fúthu roimh ré.
Bíonn sé de nós agat neamart a dhéanamh sna rudaí nach bhfuil suim agat iontu.
Ní éiríonn leat do chuid ama a eagrú mar ba cheart.
Déanann tú iarracht an iomarca rudaí a dhéanamh san aon am amháin.
Bíonn sé deacair duit socrú cad iad na tosaíochtaí atá agat i measc do chuid tascanna.
Fágann tú rudaí go dtí an nóiméad deireanach.
Bíonn tú ag éileamh an iomarca ó do chuid cairde uaireanta.
Níl suim agat sna sonraí.
Ní léann tú ná ní sheiceálann tú do chuid oibre.

SAMHLAÍOCH

Bíonn sé de nós agat dearmad a dhéanamh ar shonraí tábhachtacha.
Fanann tú rófhada sula dtosaíonn tú ag obair.
Glacann tú le smaointe gan scrúdú criticiúil a dhéanamh orthu.
Ní maith leat amchláir d'obair nó pleananna oibre agus ní eagraíonn tú do chuid oibre go maith.
Ní bhíonn tú ag obair ach de ráigeanna oibre.
Déanann tú dearmad ar rudaí tábhachtacha a theastaíonn uait do do chuid oibre.
Is féidir d'aird a bhaint go héasca den tasc idir lámha agat.
Ní léann tú do chuid oibre agus ní eagraíonn tú do chuid ábhair.
Bíonn tú róréchúiseach agus ní bhíonn tú ceannasach go leor le daoine eile.

LOIGHICIÚIL


Teastaíonn an iomarca eolais uait sula dtosaíonn tú ag obair, agus sula gceadaíonn tú duit féin tuairim a bheith agat.
Ní bhaineann tú úsáid as do chuid cairde ná as daoine eile mar acmhainní.
Bíonn tú róchúramach agus ní maith leat dul sa seans ar rudaí.
Is féidir leat dul in abar sna teoricí.
Ní bhíonn muinín agat as do chuid mothúchán féin, ná as mothúcháin daoine eile ach an oiread.
Ní bhaineann tú mórán tairbhe as bheith ag plé rudaí i ngrúpaí.
Nuair a bhíonn fadhbanna agat, ní phléann tú le daoine eile iad.
Bíonn drogall ort triail a bhaint as cur chuige nua agus is maith leat rudaí a dhéanamh ar an tslí chéanna i gcónaí.
Ní bhíonn muinín agat as aon rud seachas an loighic.

PRAITICIÚIL

Bíonn tú mifhoighneach maidir le dearcadh daoine eile.
Ní bhaineann tú úsáid as do chuid cairde ná as daoine eile mar acmhainní.
Bíonn d'umhail ar na mionrudaí agus ní léir duit na mór-rudaí.
Tá easpa samhlaíochta agat.
Ceapann tú nach bhfuil ach aon bhealach amháin ann chun rudaí a dhéanamh – do bhealach féin!
Ní éiríonn go maith leat smaoineamh ar cheisteanna nua.
Is minic nach n-éiríonn go maith leat bheith ag obair le daoine eile.
Is tábhachtaí leat go ndéanfaí an tasc ná go ndéanfaí go maith é.
Caitheann tú níos lú dua leis an obair ná mar ba cheart agus ní spéis leat an bealach a gcuirtear do shaothar i láthair.

Clisteacht

Deir na síceolaithe go bhfuil cineálacha éagsúla clisteachta ann, a chuimsíonn raon leathan gníomhaíochtaí agus taithí. Is gnách go liostáiltear seacht gcineál:



Clisteacht Bhriathartha - is maith leat labhairt le agus éisteacht le daoine, is maith leat litreacha a scríobh, éiríonn go maith leat cuimhneamh ar scéalta, idir scéalta grinn agus eile.

Clisteacht Loighiciúil agus Mhatamaiticiúil - éiríonn go maith leat conclúidí a bhaint, uimhreacha a úsáid agus cuntas a dhéanamh, agus cuimhníonn tú ar uimhreacha teileafóin.

Clisteacht Cheolmhar - tá dúil mhór agat sa cheol agus sna rithimí, is maith leat bheith ag éisteacht le ceol, nó bheith ag canadh nó bheith ag seinm gléis ceoil.

Clisteacht Radharcach agus Spásúil - tagann smaointe chugat i bhfoirm pictiúr, tá do chuimhní ar nós pictiúr nó scannán, léann tú léarscáileanna go héasca, cuimhníonn tú ar aghaidheanna na ndaoine.

Clisteacht chinéistéiseach - is maith leat aclaíocht a dhéanamh, is maith leat bheith ag damhsa agus ag déanamh obair láimhe, mothaíonn tú mothúcháin i do chorp iomlán (áthas, brón, srl.)

Clisteacht Idirphearsanta - éiríonn go maith leat bheith ag obair i ngrúpa, tá suim agat i ndaoine eile.

Clisteacht Inphearsanta - is féidir leat bheith ag obair ar bhonn neamhspleách, uaireanta bíonn tú ag brionglóideach, ba mhaith leat forbairt a dhéanamh ort féin, is maith leat aire a thabhairt duit féin, idir chorp agus intinn.

Is dócha go dtuigeann tú go mbaineann tú úsáid as na cineálacha éagsúla clisteachta seo gach lá, mar sin de is féidir talamh slán a dhéanamh de go mbainfidh tú úsáid astu uile agus tú ag gabháil do do chuid staidéir agus do do chuid oibre cúrsa. Is dócha go bhfuil tú i bhfad níos cliste ná mar a bhí a fhios agat riamh, agus ba chóir go dtabharfadh sé sin muinín duit le dul i mbun aon chineál de thasc foghlama.

Is iad na scileanna is mó a úsáidtear le linn staidéir ná léitheoireacht agus scríbhneoireacht. Cabhróidh na leideanna seo leat chun feabhas a chur ar an tslí ina mbaineann tú úsáid astu seo agus tú i mbun oibre...

Léitheoireacht

Scimeáil, Scannáil, agus Léitheoireacht Chúramach

Is éard atá i gceist le **scimeáil** ná sracfhéachaint a thabhairt ar alt ná ar leabhar go han-tapa chun go mbeadh tuairim agat faoi gan bheith ag dul thar fóir faoi na sonraí. Ní léann tú gach focal. D'fhéadfá é sin a dhéanamh trí eochairfhocail a chuardach, tríd an chéad líne de gach paragraf a léamh, nó trí scimeáil a dhéanamh ar an ábhar, ar an innéacs, ar theidil chaibidlí nó ar fhotheidil.

Is éard atá i gceist le **scannáil** ná eolas faoi leith a chuardach i sliocht téacs, mar shampla dáta nó figiúr nó ainm.

Is éard atá i gceist le **Léitheoireacht Chúramach** ná nuair a chaithfidh tú dianléitheoireacht a dhéanamh agus is féidir é a dhéanamh i gcúig chéim: Scrúdaigh, Ceistigh, Léigh, Cuimhnigh ar, Athbhreithnigh.

Teicníc staidéir atá sna cúig chéim sin. Ní mholtar go ndéanfaí do chuid léitheoireachta uile ar an tslí seo ach tá sé an-úsáideach nuair atá tú ag déanamh dianstaidéir ar théacs.

Scrúdaigh - Breathnaigh ar an gCaibidil nó ar an Roinn a bhfuil tú ar tí é a léamh, agus déan iarracht tuairim ghinearálta a bheith agat den ábhar ó na teidil, ó na cairteanna, ó na léaráidí agus tríd an chéad pharagraf agus an paragraf deireanach a léamh go tapa.

Ceistigh - Socraigh cad iad na ceisteanna a bhfuil na freagraí ag teastáil uait agus tú ag déanamh do chuid léitheoireachta, agus scríobh síos aon cheist a rith leat le linn an scrúdaithe.

Léigh - De réir mar a bhíonn tú ag léamh na caibidle nó na roinne, athraigh an luas lena léann tú, de réir mar a oireann sé don ábhar agus marcáil an téacs a bhfuil eolas riachtanach istigh ann.

Cuimhnigh Ar - Scríobh síos achoimriú den léitheoireacht atá déanta agat, na príomhphointí agus freagraí na gceisteanna a bhí agat níos luaithe san áireamh.

Athbhreithnigh - Gabh siar ar an gCaibidil nó ar an Roinn agus faigh amach an raibh an ceart agat sa mhéid ar chuimhnigh tú air.

Ag Déanamh Nótaí

CÉN FÁTH BA CHÓIR NÓTAÍ A DHÉANAMH?

Is é an príomhfháth go ndéanaimid nótaí ná chun cabhrú linn cuimhneamh ar rudaí. Bíonn sé de nós ag daoine cuimhneamh ar rudaí níos fearr nuair a scríobhann siad síos iad. Má dhéanann tú do chuid nótaí féin cabhróidh sin leat chun an méid atá á fhoghlaim agat a thuiscint. Cabhróidh nótaí leat chun athbhreithniú a dhéanamh ar an méid a theastóidh uait do scrúdú.

Nuair a dhéanann tú do chuid nótaí féin, bíonn níos mó seans ann go gceanglóidh tú eolas nua leis an méid atá ar eolas agat cheana féin. Fágfaidh sé sin go mbeidh sé níos éasca duit é a thuiscint agus beidh sé níos éasca cuimhneamh air. Nuair a dhéanann tú nótaí cabhraíonn sin leat chun díriú ar an méid atá á fhoghlaim agat nuair a bhíonn tú ag léamh leabhair nó ag éisteacht le léacht. Mar fhocal scoir, is féidir nótaí a úsáid mar phointe imeachta do thionscadal, d'aiste nó do phíosa éigin eile scríbhneoireachta.

AG CUR DO CHUID NÓTAÍ I LÁTHAIR.

Ba chóir go mbeadh nótaí maithe soiléir agus gonta. Ba chóir go mbeadh sé éasca iad a léamh agus a thuiscint, (mura bhfuil ní bheidh fonn ort iad a léamh arís). Ba chóir duit do chuid nótaí a eagrú chun go mbeidís in oiriúint do do shlí foghlama féin. Níor chóir go mbeadh aon eolas ar fáil i do chuid nótaí seachas an méid a theastaíonn uait foghlaim. Má scríobhann tú do chuid nótaí ar shlí a théann i bhfeidhm ort, beidh sé níos éasca duit cuimhneamh ar an eolas.

CINEÁLACHA ÉAGSÚLA NÓTAÍ

Tá roinnt slite éagsúla ann le nótaí a dhéanamh, agus is tú féin a chaithfidh socrú cé acu modh is fearr a oireann sé duit, is é sin le rá, is fearr a oireann do do mhodh oibre. Is féidir go mbeidh fonn ort modhanna éagsúla a úsáid

Is iad na cineálacha nótaí is mó a úsáidtear ná:


1. NÓTAÍ LÍNEACHA

nótaí scríofa i línte
(uaireanta tugtar nótaí oird orthu seo).


2. NÓTAÍ PATRÚIN AGUS PLEANANNA DAMHÁIN ALLA

(uaireanta tugtar 'nótaí núicléacha' orthu seo).


Déantar **Nótaí Lineacha** i linte.
Bíonn sé níos éasca do chuid de na daoine cuimhneamh ar eolas leo seo.



Tá **Nótaí Patrúin** níos radharcaí.
Tá siad úsáideach agus tú ag iarraidh aiste a phleanáil.



Cabhraíonn **Pleananna Damháin Alla** leat ceangail a dhéanamh idir smaointe éagsúla. Cabhraíonn siad leat freisin cuimhneamh ar eolas. Bíonn sé níos éasca do chuid de na daoine cuimhneamh ar an gcineál seo nótaí.



AG DÉANAMH NÓTAÍ Ó LEABHAR

Cuir ceist ort féin cén t-eolas atá tú ag iarraidh a fháil ón leabhar. Cén cuspóir atá agat agus tú ag léamh an leabhair seo? Cé acu codanna den leabhar a bhaineann le hábhar do do chuid staidéir? Nuair a shocraíonn tú cé acu cuid nó codanna den leabhar a theastaíonn do do chuid staidéir, ba chóir duit na ranna sin a léamh go mion.

Má dhéanann tú nótaí i do chuid focal féin, cabhróidh sin leat le cuimhneamh ar an eolas atá léite agat. Cuardaigh na príomhréimsí ábhair agus déan nóta díobh. Do gach ábhar, scríobh síos liosta de na pointí is tábhachtaí ar bhealach chomh gonta agus is féidir. Ná scríobh amach sleachta móra den téacs; cabhróidh an ghníomhaíocht intinne atá ag teastáil chun an t-eolas a chur i do chuid focal féin, cabhróidh sin leat é a thuiscint. Déan nóta, áfach, de gach téarma teicniúil nó de gach sainfhocal a theastaíonn uait do d'ábhar. Mura bhfuil tú cinnte faoi bhrí focail, ceadaigh i bhfoclóir é, agus scríobh miniú gairid den fhocal.

AG SCRÍOBH NÓTAÍ LE LINN LÉACHTA NÓ CAINTE.

Má scríobhann tú nótaí le linn 'suímh bheo', mar shampla léacht nó cainte, tá sin difriúil ó bheith ag déanamh nótaí ó leabhar nó ó leathanaigh eolais a scaipeadh sa rang, mar ní dócha go mbeidh ach seans amháin agat chun an t-eolas a scríobh síos. Roimh an léacht, bí cinnte go bhfuil a fhios agat cén t-ábhar atá i gceist. Ar an tslí sin, beidh tú in ann bheith ag faire amach do na príomhphointí.

Le linn léachta nó cainte, is fearr éisteacht leis an méid atá á rá ag an gcainteoir. Ná déan iarracht gach rud a deirtear a scríobh síos. Díriú d'aírd ar an éisteacht agus déan iarracht bunús an méid a deirtear a thuiscint. Scríobh síos na príomhphointí. Bain úsáid as siombailí, as giorrúcháin agus as focail giorraithe chun cabhrú leat an t-eolas a scríobh síos go tapa. Mar shampla, is siombailí agus giorrúcháin a úsáidtear go coitianta iad seo a leanas:

<i>i.</i>	<i>is é sin le rá</i>
<i>N.B.</i>	<i>Nota Bene</i>
<i>m. sh</i>	<i>mar shampla</i>
<i>cf.</i>	<i>tag.</i>
<i>v</i>	<i>versus</i>
<i>18ú a.</i>	<i>an t-ochtú haois déag</i>
<i>&</i>	<i>agus</i>
<i>=</i>	<i>ar chomhchéim le</i>
<i>∴</i>	<i>mar sin de</i>
<i>?</i>	<i>ceist</i>
<i>></i>	<i>níos mó ná</i>
<i><</i>	<i>níos lú ná</i>
<i>≠</i>	<i>ní hionann is</i>
<i>→</i>	<i>is é an dara rud toradh an chéad ruda a luaíodh</i>
<i>←</i>	<i>tá an chéad rud ag brath ar an dara rud méadaithe trí</i>
<i>x</i>	<i>móide nó dearfach</i>
<i>+</i>	<i>faoin gcéad</i>
<i>%</i>	

Ag Scríobh Aistí

Ba chóir duit tuiscint nach bhfuil i scríobh aistí ná eagrú do chuid smaointe.

Ar dtús ...

- Socraigh cad é ábhar d'aiste agus cad ba mhaith leat a rá.
- Cuimhnigh ar an duine a léifidh d'aiste agus socraigh cé chomh mion is ba cheart don chur síos a bheith agus cén stíl a mbainfidh tú úsáid aisti.
- Socraigh cén t-eolas a theastaíonn agus cén áit is féidir sin a fháil.
- Pleanáil struchtúr na haiste.

Nuair a bheas an t-eolas a theastaíonn uait bailithe agat, tá sé tábhachtach an t-am cuí a chaitheamh chun é a eagrú agus chun pleanáil conas is féidir leat é a úsáid.

Eagraigh ...

- Liostáil na príomhphointí atá tú ag iarraidh a dhéanamh.
- Cuir samplaí nó eolas breise le gach pointe.
- Socraigh an t-ord inar chóir iad a chur i láthair.
- Cuir struchtúr ar do chuid pointí, struchtúr a léiríonn intreoir, na príomhphointí agus conclúidí.
- Ná déan dearmad cad é cuspóir na haiste agus seiceáil go bhfuil tú ag déanamh an méid a raibh sé i gceist agat a dhéanamh ag an tús.
- Tosaigh ag scríobh anois.

Beidh tú ag scríobh i bparagraif agus b'fhéidir go gcabhródh sé leat fios a bheith agat gur gnách go mbíonn patrún i gceist leis an tsíl a gcuirtear abairtí le chéile chun paragraf a dhéanamh.

Cuir i ngrúpa ...

- liosta rudaí, ainmneacha, srl.
- ráiteas ginearálta a bhfuil fianaise agat le tacú leis.
- comparáid nó contrárthacht
- imlíne d'ord ama nó d'imeachtaí
- léiriú cúise agus éifeachta
- ceist agus freagra.

Smaointe Athbhreithnithe

- Ba chóir go ndéanfaí athbhreithniú go rialta.
- Níor chóir é a fhágáil go dtí díreach roimh scrúdú. Má dhéanann tú athbhreithniú rialta beidh sé níos éasca foghlaim agus tuiscint.
- Déan amchlár d'ábhar athbhreithnithe (féach an roinn Conas Do Chuid Staidéir a Eagrú)
- Bí réadúil faoin méid is féidir leat a dhéanamh.
- Socraigh cá mhéad ama atá agat chun athbhreithniú a dhéanamh. Cuimhnigh, má tá sé tábhachtach go n-éireodh go maith leat, ba chóir go mbeadh tosaíocht ag athbhreithniú thar ghníomhaíochtaí eile.
- Tóg d'am agus tú ag eagrú do chuid nótaí agus smaoineigh faoin tsíl is féidir leat iad a úsáid.
- Cabhróidh seo leat chun tuairim mhaith ghinearálta a bheith agat den obair atá le déanamh agat.
- Faigh áit chiúin ar féidir leat bheith ag obair ann. Ná lig d'aon rud d'aird a bhaint den rud atá idir lámha agat.
- Faigh amach cén t-am is fearr a oireann duit le bheith ag staidéar. (Mar shampla, an fearr leat bheith ag staidéar go mall san oíche nó go luath ar maidin), agus socraigh go ndéanfaidh tú do chuid oibre ag an am sin.
- Déan iarracht cloí le do phatrún rialta codlata, sa tsíl nach n-éiríonn tú róthuirseach.
- Más féidir, déan staidéar thar thréimhsí réasúnta ama, dhá uair an chloig, abair, sa tsíl gur féidir leat bheith go hiomlán gafa leis an ábhar.
- Ná déan iarracht nótaí cúrsa a fhoghlaim de ghlanmheabhair. Is tábhachtaí go dtuigfeá na smaointe taobh thiar díobh.
- Lig do scíth ar feadh tamaill ghairid chun go mbeadh do mheabhair agat arís.
- Bain triail as athbhreithniú a dhéanamh le mic léinn eile, ag malartú smaointe, agus ag cur scrúdaithe ar a chéile.
- Iarr seanpháipéir scrúdaithe nó ceisteanna samplacha ar d'oidé, sa tsíl gur féidir leat tuairim a bheith agat den rud ba chóir bheith ag súil leis, agus chun gur féidir leat éirí cleachtaithe ar fhreagraí a scríobh faoi shríon ama.
- Cleachtaigh freagraí pleanáilte do cheisteanna samplacha, agus oibrigh amach conas a d'fhreagrófaí iad.
- Beidh do chuid freagraí úsáideach mar nótaí athbhreithnithe freisin.

Ag Déanamh Scrúduithe

- Cinntigh go bhfuil gach rud agat a theastaíonn uait: pinn, páipéar, áiritheoir, srl.
- Léigh na ceisteanna go cúramach agus cinntigh gur léir duit cad atáthar ag iarraidh ort a dhéanamh.
- Seiceáil cá mhéad ceisteanna atá le freagairt agat.
- Má tá srian ama ort, pleanáil an t-am go cúramach sa tslí nach gcaitheann tú an iomarca ama ar aon cheist faoi leith.
- Tosaigh leis na ceisteanna is éasca duit iad a fhreagairt, mar ba chóir go mbeifeá ábalta iad seo a fhreagairt go tapa agus go cruinn, agus ba chóir go dtabharfadh siad muinín duit.
- Cinntigh go bhfuil do chuid freagraí soiléir.
- Ní féidir le meastóirí marcanna a thabhairt duit ach don méid a scríobhann tú síos.
- Scríobh chomh néata agus is féidir leat.
- Seiceáil an t-am agus tú i mbun oibre le fáil amach cá mhéad ama atá fágtha agat.
- Má tá srian ama ort, bain úsáid as an am uile atá agat. Ní fhaigheann tú marcanna breise as críochnú go luath, agus má bhíonn am fágtha agat ag an deireadh, léigh do chuid oibre arís chun botúin a cheartú nó chun bearnaí a líonadh.
- Cinntigh go bhfuil d'ainm agus d'uimhir ar an bpáipéar.
- Coinnigh na chéad dréachtaí a scríobhann tú le do chuid freagraí.


Seo liosta de chuid de na focail is mó a úsáidtear i gceisteanna scrúdaithe:

Déan anailís ar	Déan mionchur síos ar na buntáistí agus ar na míbhuntáistí.
Déan measúnú ar	Tabhair do bhreith ar
Déan comparáid idir	Cuardaigh na cosúlachtaí agus na difríochtaí idir
Léirigh na contrárthachtaí	Cuir síos ar na difríochtaí
Déan léirmheas ar	Tabhair do bhreithiúnas ar theoiricí nó ar thuairimí
Sainmhínigh	Mínigh go cruinn cad is brí le focal nó le frása
Cuir síos ar	Tabhair mionchuntas ar:
Pléigh	Fiosraigh argóint, agus tabhair fáthanna chun tacú le do chuid argóintí.
Meas	tabhair do thuairim faoin bhfiúntas a bhaineann le rud éigin
Mínigh	Tabhair sonraí agus tuairimí i do chuid focal féin.
Aithin	Léirigh an t-eolas atá agat faoi ábhar.
Léirigh	Bain úsáid as léaráidí nó as samplaí chun pointe a léiriú
Bain ciall as	Tabhair brí shoiléir agus bheacht de rud éigin.
Tabhair údar le do thuairim	Tabhair fáthanna cóire do do chuid conclúidí, srl.
Déan imlíne de	Tabhair na príomhghnéithe nó na príonsabail ghinearálta
Taispeáin ceangal idir	Taispeáin conas a cheanglaítear rudaí le chéile.
Dearbhaigh	Tabhair fíricí agus sonraí in ord soiléir.
Achoimrigh	Tabhair cuntas gairid de rud, na príomhphointí san áireamh.

Pleanadóir Bliana

Scríobh isteach do chuspóir do gach seachtain chun cabhrú leat do bhliain staidéir a struchturú.

	Seachtain 1	Seachtain 2	Seachtain 3	Seachtain 4	Seachtain 5
MEÁN FÓMHAIR					
DEIREADH FÓMHAIR					
SAMHAIN					
NOLLAIG					
EANÁIR					
FEABHRA					
MÁRTA					
AIBREÁN					
BEALTAINÉ					



Tiomsaithe agus táirgthe i mBéarla ag:

John Kennedy

Seirbhís Oideachais Chiarraí

Sráid na Mainge

Trá Lí

Co. Chiarraí

agus

Mary Fenton

Institiúid Teicneolaíochta, Trá Lí

An Chlais

Trá Lí

Co. Chiarraí

© Seirbhís Oideachais Chiarraí agus

Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí

Aistrithe go Gaeilge ag:

BREACADH

(Acmhainn Aosoideachais trí Ghaeilge sa Ghaeltacht)

Casla

Co. na Gaillimhe

Guthán 091 506952

Ríomhphost: breacadh@eircom.net



Acmhainn
Aosoideachais trí Ghaeilge
sa Ghaeltacht



KERRY
EDUCATION
SERVICE
Seirbhís
Oideachais
Chiarraí



INSTITUTE OF
TECHNOLOGY
TRALEE
INSTITIÚID
TEICNEOLAÍOCHTA
TRA LÍ